FOIREANN

Tá Comhairle na Cathrach á bhainistiú ó lá go lá ag Bainisteoir na Cathrach atá freagrach as bainistíocht reatha ar fhoireann na Comhairle - breis agus 1590 duine.

Tar éis fhoilsiú "Próiseas Feabhsaithe do Rialtas Áitiúil," cuireadh struchtúir nua ar bun go polaitiúil agus taobh istigh den struchtúr bainistíochta. Tá gnó á dhéanamh againn ar bhonn níos fócasaithe dá bharr. Anois, cuirtear an cuid is mó d'ár seirbhísí ar fáil ag stiúrthóireachtaí. Tá ocht gcinn acu ann:

1. Gnóthaí Corporáideacha
2. Pobal agus Fiontraíocht
3. Duganna agus Tograí Speisialta
4. Comhshaol
5. Seirbhísí Tithíochta agus Pobail
6. Pleanáil agus Forbairt
7. Áineas, Conláistí agus Cultúr
8. Bóithre agus Iompar

Chomh maith leo san, tugann na seirbhísí seo a leanas tacaíocht dos na stiúrthóireachtaí agus don eagraíocht:

1. Airgeadas
2. Acmhainní Daonna
3. Córais Faisnéise
4. Dlí
5. Roinn Ailtire na Cathrach

Is é an ról atá acu cuidiú leis an eagraíocht a cuid aidhmeanna agus spriocanna a bhaint amach.

Is iad Bainisteoir na Cathrach, na Stiúrthóirí Seirbhísí agus Cinn Feidhme atá ina mbaill den Fhoireann Shinsearach Bainistíochta. Is é an ról atá ag an dream seo ná ceannasaíocht agus spreagadh a thabhairt don fhoireann faoi réir an stiúradh straitéiseach a leagtar amach sa Phlean Corporáideach seo.